

Grúpa Maoirseachta maidir le Plean Gníomhaíochta 2018-2022

Miontuairiscí cruinniú a tionóladh an 13 Feabhra 2019

I láthair

An Dr. Aodhán Mac Cormaic (Cathaoirleach), An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [RCOG]

Seán Mac Eoin	RCOG
Sorcha de Brúch	RCOG
Micheál Ó Conaire	RCOG
Seán Ó Leidhinn	RCOG
Seán Ó Gríffín (Rúnaí)	RCOG
Helen Ní Chatháin	An Roinn Oideachais agus Scileanna [ROS]
Paul Fay	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige [RLGÓ]
Siubhán Ní Grianna	Údarás na Gaeltachta [ÚnaG]
Seán Ó Coinn	Foras na Gaeilge [FnaG]

Leithscéalta:

Nicholas Meehan An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe [RCPA]

1. Miontuairiscí an chruinnithe deiridh - 1 Samhain 2018

Rinneadh miontuairiscí an chruinnithe deiridh an 1 Samhain 2018 a chomhaontú. Socraíodh go gcuirfí cóip de na miontuairiscí sin chuig Cathaoirleach Chomhchoiste Oireachtas na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán iad agus go bhfoilseofaí ar láithreán gréasáin na Roinne iad.

2. Téarmaí Tagartha

Rinneadh na Dréacht-Téarmaí Tagartha a chomhaontú, faoi réir mionleasú ar Phointe 5 (féach leagan athbhreithnithe in Aguisín 1)

3. Teimpléad na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn

Pléadh agus comhaontaíodh an dréacht-teimpléad tuairiscithe, atá leagtha amach ar bhealach chun tuairisciú a éascú agus dul chun cinn nó easpa dul chun cinn a aithint.

4. Tuarascáil Ghearr ó Bhéal ar Dhul Chun Cinn

RCOG – Réimsí Gnímh 2 & 3

- Tá 13 plean teanga ceadaithe go dtí seo agus tá 8 nOifigeach Pleanála Teanga ceaptha i Limistéir Pleanála Teanga [LPT] éagsúla.
- Tá maoiniú breise €980,000 curtha ar fáil do Chlár Tacaíochta Pobail agus Teanga na Roinne faoina gcuirtear cúnamh ar fáil i leith réimse leathan tionscadal teanga-lárnaithe sa Ghaeltacht, ina measc tionscadail i réimse an oideachais agus réimse na n-óg.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh ar roinnt áiseanna cúraim leanaí, oideachais agus óige faoi réimse Gaeilge agus Oileán Chlár an NDP.

- Tá treoirlínte Cosanta Leanaí agus sábháilteachta dóiteáin á mbreithniú i láthair na huaire i ndáil le hearnáil na gColáistí Samhraidh Gaeilge.
- Thuairiscigh Údarás na Gaeltachta torthaí dearfacha don bhliain 2018.

RCOG – Réimsí Gnímh 4 & 5

- Tá Ceannteidil Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) ag an ndréachtóir Parlaiminte i láthair na huaire. Tá moill in Oifig an Ard-Aighne ar dhul chun cinn a dhéanamh ar an mBille mar gheall ar obair leanúnach phráinneach a bheith ar bun maidir leis an mBille um Fhorálacha Ilghnéitheacha (Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 29 Márta 2019).
- Déantar foráil i gCeannteidil an Bhille, atá ceadaithe ag an Rialtas, chun deireadh a chur le córas na scéimeanna teanga agus bogadh chuig córas caighdeán-bhunaithe. Déanfar comhlachtaí poiblí a chur i gcatagóirí bunaithe ar a leibhéal teagmhála leis an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta.
- Ceann eile de phríomhchuspóirí an Bhille gur cainteoirí Gaeilge a bheidh i 20% d'earcaigh nua sa tseirbhís poiblí.
- Tá tús curtha ag Conradh na Gaeilge lena sheó bóthair 'Seó Bóthair' a chuireann an Ghaeilge chun cinn i gcoláistí samhraidh, i scoileanna agus in ollscoileanna ar fud na tíre.
- Cuirfidh an méadú ar leithdháileadh caipitil i bhFo-cheannlíne i mBuiséad 2019 ar chumas na Roinne scéim caipitil a thosú, chun maoiniú a chur ar fáil do 16 Baile Seirbhíse Gaeltachta agus 3 Líonra Gaeilge chun líonra d'ionaid Ghaeilge agus chultúir a fhorbairt ar fud na tíre.
- Tá tuilleadh dul chun cinn déanta maidir le hacmhainní ar líne.

ROS – Réimsí Gnímh 1 & 3

- Tá dul chun á dhéanamh ar ghníomhartha atá beartaithe mar chuid den Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Tá an dara céim maidir le cur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ar siúl, i measc líon áirithe príomhghníomhartha eile i réimsí amhail tacaíocht scoile, oiliúint na múinteoirí agus rochtain curaclaim.
- Fuarthas an líon aighneachtaí ab airde riamh mar fhreagra ar an gcomhairliúchán maidir le díolúintí ó staidéar na Gaeilge i scoileanna. Cuireadh breis agus 11,000 aighneacht isteach agus táthar ag súil go gcuirfear an tuarascáil eatramhach ar fáil roimh dheireadh na scoilbhliana.
- Cuireadh tús le hobair maidir leis an bpoitéinseal a bhaineann le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) mar mhodh chun tacú le foghlaim na Gaeilge agus reáchtálfar sin ar bhonn píolótach i scoileanna áirithe in 2020-2021.
- Mar chuid den phróiseas pátrúnachta do scoileanna nua, tá obair ar siúl go mbeadh teacht níos leithne ar oideachas trí mheán na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht i gcomhthéacs Gaelscoileanna nua, Gaelcholáistí agus Aonaid Lán-Ghaeilge nua a bhunú.

UnaG

- Mar a luadh thuas, tá 13 phlean teanga ceadaithe go dtí seo agus tá 8 nOifigeach Pleanála Teanga ceaptha i Limistéir Pleanála Teanga [LPT] éagsúla. Tá 3 phlean eile curtha faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus táthar ag súil go gcuirfear 8 bplean breise isteach le linn na bliana 2019.
- Tá maoiniú ceadaithe do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, rud a ligfidh dóibh scóip a gcuid gníomhaíochtaí, a thacaíonn le seirbhísí luathbhlianta sa Ghaeltacht, a mhéadú.

- Tá maoiniú ceadaithe d'Ealaín na Gaeltachta freisin chun gníomhaíochtaí traidisiúnta atá dírithe ar theanga sna healaíona traidisiúnta a chur chun cinn i gceantair Ghaeltachta.
- Tá Údarás na Gaeltachta ag féachaint an féidir cúrsaí cúraim leanaí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ag Leibhéal 7 & 8 FETAC den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) le go mbeidh cleachtóirí luathbhlianta arb as ceantair Ghaeltachta iad in ann teacht ar dheis oiliúna ar ardchaighdeán mar atá ar fáil trí mheán an Bhéarla.

RLGÓ – Réimse Gnímh 3

- Bhí an chéad chruinniú de Ghrúpa Náisiúnta Maoirseachta na Luathbhlianta ar siúl an 6 Feabhra 2019 chun maoirsiú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta na hearnála agus rinneadh na Dréacht-Théarmaí Tagartha a chomhaontú.
- Tá an RLGÓ i mbun an phróisis maidir leis an earcaíocht do dhá phost Gaeilge a shainaithnítear faoi Ghníomh 3.8. Tá maoiniú cinntithe do na poist sin i mBuiséad 2019.
- Fad a bheifear i mbun earcaíochta ar dhuine i bpost an chomhordaitheora, cuirfidh an Grúpa Maoirseachta tús leis na hacmhainní agus tacaíochtaí atá ann cheana féin a aithint maidir le Gníomh 3.9.
- Tá an RLGÓ ag féachaint ar thacaíochtaí praiticiúla a chur i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí Luathbhlianta. Sampla de sin ná scéim leabhar b'fhéidir. Ní mór saincheistanna soláthair a bhreithniú agus déanfar dearbhú cáilíochtaí ar na tacaíochtaí a bheidh i gceist.

FnaG

- Bailte Seirbhíse Gaeltachta Tá an próiseas ar siúl i ndáil le Leitir Ceanainn, Trá Lí, Dún Garbhán, Caisleán an Bharraigh agus Cathracha na Gaillimhe agus Chorcaí.
- Líonraí Gaeilge: Táthar fós ag ullmhú pleananna i ndáil le Líonraí Gaeilge na hInse, Bhaile Locha Riach agus Chluain Dolcáin ag leanúint faoi stiúir Fhoras na Gaeilge. Táthar ag ullmhú pacáiste tacaíochta a bhfuil ábhar comharthaíochta agus margaíochta ann freisin.
- Táthar ag déanamh dul chun cinn ar ábhair *Séideán Sí* le ceapadh Bainisteora Tionscadail agus leis an bhforbairt ar aipeanna lena n-úsáid sa seomra ranga.
- Tá maoiniú breise ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tacú leis an scéim *Gaelbhratach* atá dírithe ar dheá-chleachtas a chomhroinnt maidir le Gaeilge labhartha.

5 An Chéad Chéim Eile

Cuirfear an teimpléad tuairiscithe chuig na páirtithe leasmhara uile le go bhféadfar monatóireacht agus plé a dhéanamh ar an staid reatha maidir leis na gníomhaíochtaí ar fad ag an gcéad chruinniú eile. Meastar go bhféadfar cuireadh a thabhairt do dhaoine eile nó do thríú páirtithe chun cuir i láthair a dhéanamh don ghrúpa, nuair a mheasfar gur gá nó gur iomchuí sin a dhéanamh.

6 AOB

Socraíodh go sealadach gur Dé Luain an 29 Aibreán 2019 a bheadh an chéad chruinniú eile ar siúl ag ionad atá le deimhniú.

Aguisín 1 – Téarmaí Tagartha

Téarmaí Tagartha

Tá sé i gceist ag an nGrúpa Maoirseachta teacht le chéile ar bhonn ráithiúil nó de réir mar is gá. An RCOG a bheidh ina Cathaoirleach ar an ngrúpa. Seo a leanas téarmaí tagartha an Ghrúpa Maoirseachta:

1. Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí comhaontaithe a leagtar amach sa Phlean;
2. Tacú le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh bhreise a aithint chun cur i bhfeidhm foriomlán na Straitéise agus an Phlean a thabhairt chun tosaigh;
3. Maoirseacht a dhéanamh ar an ullmhú agus ar fhoilsiú na tuarascála bliantúla ar dhul chun cinn a chuirfear faoi bhráid an Rialtais agus a fhoilseofar ina dhiaidh sin;
4. Faisnéis a iarraidh ar na páirtithe leasmhara iomchuí maidir le héifeachtacht chur i bhfeidhm an Phlean;
5. Treochtaí, dúshláin agus deiseanna a thiocfadh chun cinn maidir leis an bplean a aithint agus freagairt dóibh go cuí.
6. Comhairle agus moltaí a thabhairt don Aire maidir le tionscnaimh/polasaithe nua maidir lena chur i bhfeidhm mar thaca leis an Straitéis 20 Bliain.